ICT in Oideachas

Pobalscoil Chorca Dhuibhne
An Daingean
Co.Chiarraí

Polasaí Úsáide Inghlactha

Seo polasaí scoile maidir le húsáid an idirlíon ar scoil. Is é aidhm an Pholasaí Úsáide Inghlactha ná a chinntiú go mbainfidh na scoláirí go léir tairbhe as na deiseanna múinteoireachta agus foghlama a chuireann achmhainní idirlín na scoile ar fáil i slí shábhalta agus éifeachtach. Mar sin beidh roinnt straitéisí ag an scoil i dtreo is go laghdófar na dainséir a bhaineann leis an idirlíon.

Liosta Straitéisí:

Caithfidh gach scoláire cead a fháil chun an idirlín a úsáid.
Déanfar maoirseacht ar theacht ar an idirlíon.
Déanfaidh an scoil monatóireacht ar úsáid an idirlín.
Cuirfear eolas ar fáil do na scoláirí faoi shábhaltacht ar an idirlíon maidir le:

- Úsáid dioscaí
- Smachtú Virais
- Íoslódáil ábhar
- Úsáid fearais TF (ICT)
- Úsáidfear bogearraí scagtha i dtreo is go laghdófar an dainséar a bhaineann le ábhar míoiriúnach a bheith ar fáil.

Tá freagracht ar an té atá á úsáid agus ar an té atá á chur ar fáil maidir le teacht agus úsáid an idirlín. Cabhróidh cur i bhfeidhm na straitéisí thuas chun timpeallacht shábhalta a chur ar fáil ar an idirlíon. Cuirfear smachtbhannaí faoi théarmaí Cód Disciplíne na scoile ar dhaltaí a bhriseann rialacha úsáide an idirlín d'aon ghnó.

Síniú an Dalta: _____ Rang: _____

Síniú an Tuismitheora/Caomhnóra: _____

Dáta: _____